Ard Mhacha

Máire Ní Arbhasaigh Cluain na Leac, Crois Mhic Lionnáin

‘Ag bruach Dhún Réimhe’ - Amhrán aithriste

Aige Bruach Dún Réimhe in uaigneas lae,
Ó ba shnuadhmhar géaga bláthgheal,
'Sé cuala mé géimneach chuantaí …ireann,
'S gruaim sa spéir anáirde.

Da rádh gur buadhartha bhí mo scéal,
Mo suidhe faoi léigibh sparrthlaí,
Plúr na n-Éan a' fuagradh 'n scéil,
Ó le cumhaidh gur éag na cágaí.

Gur fuaduigheadh Féidhlim uasal tréitheach,
Suas go Laighean le bhás fhagháil,
Eoghan Ruadh mo léan a fuaidh uainn i gcré,
'Sé ruaigfeadh an cheitheirne Ghallda.

Nuair a chualaidh 'n t-éan mé 'luadhadh Shíol Néill,
Ó le gruaim gur éirigh 'n áirde,
Agus d'fhág sé 'sciatháin síos go féar,
Agus buail sé 'thaobh go cráidhte.

Á rádh gur buadhartha bhí mo scéal,
Mo suidhe faoi léigibh sparrthlaó,
Dá gcuartóchainn fhéin fán teampall féin
Go bhfuighfinn 'na n-ualach cré is cnámh iad.

Trascríofa ag Ciarán Ó Duibhín
www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/doegen/index.htm